POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE

21 Aibréan 2020

A chara,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith agus go bhfuil gach duine slán sábháilte. Mar is eol daoibh, beidh an scoil dúnta go dtí ar a laghad an 5 Bealtaine 2020. Táimid mar fhoireann scoile chun ár míle dícheall a dhéanamh chun tacú leis na scoláirí i ngach slí gur féidir linn i rith na tréimhse dúshlánaí seo. Beimid ag leanúint ar aghaidh leis an gcianfhoghlaim ag baint úsáide as an gcorás ríomhphoist scoile, Google Suite agus an aip Zoom.

Seo hiad na socruithe atá déanta againn do na daltaí don téarma deireanach:

**Bliain 1, 2, 3, 5 agus 6**

Cuirfear ranganna ar fáil chomh fada agus is féidir ar an aip Zoom, nó ar Meet atá mar chuid den Google Suite, ó amárach Dé Céadaoin an 22 Aibreán ar aghaidh do Bhliain 1, 2 agus 5. Tá Bliain 3 agus 6 ag leanúint leis an gcóras seo mar a bhíodar. Ní bheidh gach uile rang beo ar Zoom chun sos a thabhairt do na daltaí anois is arís agus chomh maith leis sin ní oireann sé do gach duine agus gach ábhar. Beidh na múinteoirí i dteagmháil leo tríd an ríomhphost chun na socruithe a leagadh amach dóibh dá ranganna fhéin. Seolfar cuireadh chuig na ranganna Zoom tríd an ríomhphost chomh maith.
Beidh na ranganna ar siúl ag an ngnáth-am ar an gclár ama. Cabhróidh sé seo le struchtúr a choimeád ar chúrsaí. Seolfar obair chucu agus glacfar le hobair uathu tríd an ríomhphost. Is féidir teagmháil a dhéanamh le múinteoirí tríd an ríomhphost. Tá Zoom agus Meet ar fáil ar an nguthán póca, ar an taibléad agus ar an ríomhaire.

Beidh na ranganna do dhaltaí le Riachtanais Oideachais Speisialta ag dul ar aghaidh ar Zoom chomh maith.

**An Idirbhliain**

Beidh dream na hidirbhliana ag leanúint ar aghaidh ag obair ar an ePortfolio.

Tá sé i gceist againn go mbeidh rogha do Scrúduithe an tSamhraidh á rith againn do Bhliain 1, 2, 3 agus 5 ag deireadh mhí Bealtaine. Beidh tuilleadh eolais faoi seo amach anseo.

Ba mhaith linn go dtiocfadh na daltaí linn ar an aistear seo. I rith na tréimhse éiginnte seo, is féidir linn normáltacht éigin a chur i bhfeidhm dóibh go dtí go mbeidh cúrsaí ar ais mar a bhí.

Tá fáilte romhat dul i dteagmháil liom agus idir an dá linn tabhair aire.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris

POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE

21 Aibréan 2020

A chara,

I hope you are keeping well and that everyone is safe and sound. As you know the school will be closed until May 5th 2020 at the earliest. The staff at school are striving to ensure that we support the students in every possible way during these challenging times. We will be continuing with remote learning using the school email system, Google Suite and Zoom.

The following are the arrangements that we have made for the final term:

**Bliain 1, 2, 3, 5 and 6**

Live classes will be provided as much as possible on Zoom or Meet which is part of Google Suite from tomorrow Wednesday 22 April onwards for first, second and fifth year students. Third and sixth years will continue with this as per the arrangements before Easter. Every class will not be live on Zoom to give the students a break now and again and it doesn't suit everybody and every subject. The teachers will contact the students through their school email account to advise them of the arrangements that will be in place for their class. Invitations to the Zoom classes will also be sent through the email. The classes will follow the normal timetable to properly structure the day. Work will be sent and accepted via email. Teachers are contactable via email also. Zoom and the Google Suite apps are available on mobile phones, tablets, laptops and computers.

Classes for students with Special Educational Needs will be going ahead on Zoom.

Transition Year

Transition Year students will continue to work on their ePorfolio.

We are planning to run a selection of Summer Exams for first, second, third and fifth year students at the end of May. More information on this to follow.

We would like for the students to engage with us and come with us on this journey. During these uncertain times we can provide them with some normality until things return to normal.

You are welcome to contact me and in the meantime take care.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris